# CINNEADH (CBES) 2023/728 ÓN gCOMHAIRLE

## an 31 Márta 2023

## a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise san Úcráin ([1]).

(2) An 25 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/434 ([2]), lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh beart sriantach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe. Leagtar na heagraíochtaí sin amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/434. De bhun Airteagal 1, pointe (11), de Chinneadh (CBES) 2023/434, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 10 Aibreán 2023 i leith na n-eintiteas a leagtar amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/434,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 10 Aibreán 2023 i leith na n-eintiteas a leagtar amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/434.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 31 Márta 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

---

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/434 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 59I, 25.2.2023, lch. 593).